AN GARDA SÍOCHÁNA

# PLEAN PÓILÍNEACHTA ROINN CHILL DARA

# 2024










Ag Coinneáil Daoine Sábháilte

**Keeping People Safe**

## Brollach le hOifigeach na Roinne



Tá áthas orm Plean Póilíneachta Chill Dara don bhliain 2024 ina leagtar amach ár bpríomhthosaíochtaí póilíneachta don bhliain atá amach romhainn a chur i láthair. Féachtar leis ár bPlean Póilíneachta le rátaí coireachta a laghdú agus rátaí braite a mhéadú ar fud an Rannáin trí dhíriú ar na hathchiontóirí is mó inár gceantar agus áit shábháilte chun maireachtáil ann, chun cuairt a thabhairt air, chun siopadóireacht a dhéanamh ann, chun teacht le chéile le daoine agus chun obair ann a dhéanamh de Chill Dara. Tá comhaltaí an Gharda Síochána i gCill Dara diongbháilte go dtabhfar chun cuntais as a ngníomhartha iad siúd a dhéanann iarracht eagla a chur ar ár bPobal, agus go ndéileálfar leo mar is cuí.

Tá sé aitheanta againn gurb iad an infheictheacht, an Póilíniú Pobail agus an Rannpháirtíocht inár bpobail na bealaí is mó rath ar féidir linn cáilíocht beatha shábháilte a bhaint amach do mhuintir na háite agus do chuairteoirí ar an áit araon. Bainfear é seo amach trí chomhoibriú le páirtithe leasmhara agus le grúpaí pobail áitiúla laistigh den Rannán, ag obair go réamhghníomhach le grúpaí mionlaigh/leochaileacha agus ag dul i dteagmháil le daoine óga agus le teifigh araon.

Tá an Roinn seo tiomanta do mhuintir Chill Dara a choinneáil sábháilte trí Shábháilteacht ar Bhóithre. Tá an Plean Náisiúnta um Póilíniú Bóithre curtha i bhfeidhm againn agus dhírigh muid ar bhaill dhubha timpiste. Tá an clár scoile “Just One Life” á sholáthar ar fud na Roinne chun daoine óga a chur ar an eolas faoi shábháilteacht ar bhóithre. Chomh maith leis sin, féachtar le méadú ar eisiúint FCPN do chionta tarrthála cabhrú le laghdú na dtimpistí bóthair tromchúiseacha mar aon le feachtais agus oibríochtaí feasachta leanúnacha.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí na daoine atá ag obair don Gharda Síochána i Roinn Chill Dara, agus go háirithe iad siúd atá ar an líne tosaigh 24 uair in aghaidh an lae, 7 lá in aghaidh na seachtaine. Chuidigh a dtiomantas chun a áirithiú go gcoimeádtar ár bpobail sábháilte.



Anthony Lonergan

Ard-Cheannfort

## Conas teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ina bhfuil tú féin – I gcás éigeandála, cuir glaoch i gcónaí ar 999 nó 112

| Ceannfoirt, agus teagmháil oifige | Stáisiún | Uaireanta Oscailte | Teileafón |
|---|---|---|---|
| An Ceannfort Paul Burke | Cill Dara | 24 uair an chloig | 045-527730 |
| | Baile Átha Í | 24 uair an chloig | 059-8634210 |
| | Droichead Nua | 24 uair an chloig | 045-440180 |
| | Ráth Iomgháin | Éagsúla | 045-524353 |
| An tArd-Cheannfort Georgina Gray | Léim an Bhradáin | 24 uair an chloig | 01-6667800 |
| | Cill Choca | Dé Luain 19:00 – 21:00<br>Dé Céadaoin 19:00 – 21:00<br>Dé hAoine 19:00 – 21:00 | 01-6757390 |
| | Maigh Nuad | Dé Luain 07.30 – 21.30<br>Dé Máirt 10:00 – 12:00<br>Dé Céadaoin 10:00 – 12:00<br>Déardaoin 07.30 - 21.30<br>Dé hAoine 10:00 – 12:00<br>Dé Sathairn 10:00 – 12:00 | 01-6292380 |
| | Cairbre | Dé Luain 12:00 – 14:00<br>Dé Céadaoin 12:00 – 14:00<br>Dé hAoine 12:00 – 14:00 | 046-9553002 |
| | Cill Droichid | Dé Máirt 19.30 - 21-30<br>Dé Céadaoin 13:00 – 16:00<br>Dé Sathairn 12:00 – 14:00 | 01--6288222 |
| An Ceannfort Oliver Henry | An Nás | 24 uair an chloig | 045-884300 |
| | Claonadh/ Baile an Riobardaigh | Luan – Domhnach 16.30 – 18.30 | 045-868262<br>045-860202 |
| | Cill Chuillinn | Éagsúla | 045-481212 |
| Is féidir **Oifigigh éagsúlachta** don Rannán a aimsiú anseo | | | |
| Is féidir oifigigh um **Chosc ar Choireanna** don Rannán a aimsiú anseo | | | |
| Is féidir cigirí um **imeaglú a bhaineann le drugaí** don Rannán a aimsiú anseo | | | |

# 1. Pobal

Leanúint de na naisc le pobail a neartú, ag obair i gcomhpháirtíocht chun daoine a choinneáil sábháilte.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 1.1 Obair i gcomhpháirtíocht chun réitigh inbhuanaithe a fhorbairt d'fhonn aghaidh a thabhairt ar imní i leith shábháilteacht an phobail, lena n-áirítear an dochar a dhéanann drugaí dó | Tógfaimid caidrimh oibre níos láidre le pobail agus le comhpháirtithe pobail chun coireacht a chosc agus a laghdú. Laghdú ar an imeaglú a bhaineann le drugaí agus breis oideachais ina thaobh sin. |
| 1.2 Plé a dhéanamh le gach pobal chun seirbhís póilíneachta a sholáthar atá tuisceanach agus sofhreagrach do riachtanais éagsúla na sochaí | Gardaí cothroma, eiticiúla le tuiscint níos fearr ar éagsúlacht an phobail ar a bhfreastalaíonn siad. |

## 1. An Obair Rialta a Dhéanaimid leis an bPobal

| Obair | Modh |
|---|---|
| Teagmháil le geallsealbhóirí pobail | |
| Rannpháirtíocht le Tionscnamh um Chrios Comaitéara Iarnród Éireann | |
| Na Meáin Shóisialta, ar KFM agus Facebook | PRESS |
| Cainteanna Scoileanna ar Shábháilteacht ar Bhóithre/Calaois | |
| Breis Patrólaithe | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Uasoiliúint a chur ar Phearsanra an Gharda Síochána chun an tseirbhís don phobal a fheabhsú | |
| Rannpháirtíocht le Clubanna Spóirt | |
| Idirtheagmháil le hOllscoil Mhá Nuad | |
| Gradaim Óige Rannáin an Gharda Síochána | |
| Laethanta Oscailte Stáisiún na nGardaí | |

AN GARDA SÍOCHÁNA

*Keeping people safe*
*Ag Coinneáil Daoine Sábháilte*

## 2. An choireacht a chosc & An Phóilíneacht Choisctheach

Coireanna a Réamh-mheas agus aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua agus treochtaí coireachta atá ag teacht chun cinn, ag baint úsáide as cur chuige éifeachtach póilíneachta atá á threorú ag faisnéis.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 2.1 Coireanna a aithint go réamhghníomhach, a dhíriú orthu agus a chur isteach orthu ag gach leibhéal, lena n-áirítear cineálacha coireanna nua agus cineálacha coireanna atá ag teacht chun cinn | Déanfaimid coireacht a chosc agus a laghdú trí úsáid a bhaint as acmhainní go héifeachtach agus go héifeachtúil. Trí leas a bhaint as an tSeirbhís Anailíse agus trí phatróil bhreise i dteophointí chun coireacht a chosc. |
| 2.2 Ár n-acmhainn agus ár gcumas chun aghaidh a thabhairt ar choireanna a fheabhsú trí chomhordú, trí chomhoibriú agus trí chur chuige faisnéisbhunaithe | Breisoideachais do Ghardaí laistigh den Rannán i leith acmhainní/uirlisí atá ar fáil chun dul i ngleic leis an gcoireacht |

## 2. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Patróil arna ndéanamh | |
| Patróil Réamhghníomhacha ar Iompar Poiblí | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Laghdú ar Chionta Coireachta |
| Feasacht níos fearr ar láithreacht an Gharda sa phobal |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Teagmháil le CCP agus grúpaí pobail | |

| Príomhtháscaire |
|---|
| Aiseolas Dearfach ó ghrúpaí Pobail |

## 3. Íospartaigh & Daoine Soghonta

Dochar a laghdú trí dhínit agus Cearta Daonna íospartach agus gach duine soghonta a bhíonn ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána a chur chun cinn agus a chosaint.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 3.1 Obair i gcomhpháirtíocht chun seirbhísí agus tacaíochtaí cuí a sholáthar d'íospartaigh na coireachta, agus béim ar leith a leagan ar choireacht bhaile, ghnéasach agus inscne | Tacóidh gach Garda le hÍospartaigh na Coireachta, go háirithe leis na daoine sin is leochailí d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas agus go bhfuil cosaint níos fearr acu. |
| 3.2 Iompar freagrach ar ár mbóithre a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile | Le patróil mhéadaithe, trí iompar feabhsaithe tiománaithe a spreagadh, laghdófar Cionta um Trácht Bóthair lena n-áirítear Imbhuailtí Tráchta tromchúiseach/marfacha. |

## 3. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

| Obair | Modh |
|---|---|
| Rannpháirtíocht le seirbhísí a thugann tacaíocht d'íospartaigh | |
| Athbhreithniú ar chleachtais d'fhonn iad a fheabhsú | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Aiseolas dearfach i leith rannpháirtíocht ó sheirbhísí | |
| Torthaí Dearfacha Ionchúisimh | |

| Obair | Modh |
|---|---|
| Breis Patrólaithe | |
| Cainteanna le grúpaí Pobail/Scoileanna faoin Tiomáint Sábháilte | |
| **Príomhtháscaire** | |
| Laghdú ar Chionta Coireachta/Imbhuailtí Trácht ar Bhóithre | |
| Feabhas ar Iompar Tiománaithe sa Rannán | |

## 4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus mhuintir an Stáit a chosaint ó sceimhlitheoireacht agus ó bhagairtí ar a leasanna ríthábhachtacha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 4.1 Cur i bhfeidhm leanúnach an Phlean Forbartha um Sheirbhís Slándála chun cumas agus acmhainn slándála agus faisnéise an Gharda Síochána a neartú | Méadú ar chumas an Rannáin chun bagairtí reatha agus bagairtí atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus chun freagra a thabhairt orthu d'fhonn tarluithe míchuibhiúla a sheachaint. |
| 4.2 Slándáil an Stáit a chosaint trí oibríochtaí faisnéis-threoraithe ina n-oibritear i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí intíre agus idirnáisiúnta araon, agus ina sainaithnítear bagairtí sceimhlitheoireachta agus gníomhaithe naimhdeacha a shainaithint agus ina gcuirtear isteach orthu siúd | Rannpháirtíocht fheabhsaithe le hAonaid Faisnéise Náisiúnta/Réigiúnach |

## 5. Athrú Inbhuanaithe & Nuálaíocht

Cultúr d'fheabhsú leanúnach a spreagadh agus a chothú, a chuireann le nuálaíocht agus freagrúlacht i leith athruithe.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| 5.1 Na struchtúir is gá a dhaingniú chun cumas agus acmhainn ár n-eagraíochta chun athrú a fheabhsú, agus chun tacú le cultúr feabhsúcháin leanúnaigh | Cur chun cinn níos fearr ar úsáid gach líonra agus oiliúint atá ar fáil chun cultúr an athraithe agus ardchaighdeáin gairmiúlachta a fheabhsú. |
| 5.2 An inbhuanaitheacht a chumasú, a fhorbairt agus a thacú ar fud an Gharda Síochána tríd an Treochlár um an nGhníomhú ar son na hAeráide, 2023-2030 a chur i bhfeidhm | Laghdú ar úsáid páipéir trí mhodhanna leictreonacha a spreagadh. |

## Cumasóir 1: Daoine & Cuspóir

Is mór ag an nGarda Síochána gur eagraíocht í atá dírithe ar dhaoine

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E1.1 Feabhas a chur ar ár gcumas tacaíochtaí cuí Acmhainní Daonna, Oiliúna, Foghlama agus Forbartha a sholáthar, lena gcuirfear ar chumas ár bpearsanra rath a bhaint amach ina ról | Cinnteoimid go mbeidh pearsanra gníomhach agus go dtabharfar tacaíocht don fhorbairt chun leibhéal na seirbhíse don phobal a fheabhsú. Rannpháirtíocht iomlán na gcomhaltaí nuair a bheidh an Córas Bainistíochta Faisnéise críochnaithe. |
| E1.2 Tacú le sláinte agus folláine ár bpearsanra trínár Straitéis um Shláinte agus Folláine a chur i bhfeidhm | Tacaíocht agus trealamh leanúnach tugtha do chomhaltaí i ndáil le forbairt phearsanta agus dualgais laethúla. Mothóidh ár bpearsanra go léir sábháilte agus go dtacaítear leo ina dtimpeallacht oibre. |

## Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí straitéiseacha, comhoibríocha a fhorghníomhú agus a chothú chun ár n-eolas, ár seirbhís agus ár n-éifeachtacht a neartú go leanúnach.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E2.1 Obair le comhpháirtithe chun cur chuige ildisciplíneach agus 'seirbhís iomlán' a fheabhsú d’fhonn daoine a choinneáil sábháilte | Caidreamh dearfach leanúnach le grúpaí agus eagraíochtaí pobail áitiúla. |
| E2.2 Deiseanna a iniúchadh, a fhorbairt agus a thapú chun comhoibriú trasna earnálacha ar mhaithe lenár gcur chuige bunaithe ar fhianaise i leith na seirbhíse a neartú | Comhoibriú éifeachtach le grúpaí Pobail chun caidrimh oibre a fheabhsú. |

## Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus rannpháirtíocht shoiléir dhá-bhealach a fhorbairt trí bhealaí nua agus reatha.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E3.1 Rannpháirtíocht inmheánach agus sheachtrach a neartú tríd an gcumarsáid oscailte spriocdhírithe | Tuiscint fheabhsaithe ar phearsanra agus ar an bpobal ar a bhfreastalaímid. |
| E3.2 Freagra a thabhairt ar an méid a bheidh arna fhoghlaim in Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána | Seirbhís fheabhsaithe curtha ar fáil do phearsanra uile an Gharda Síochána, as a dtagann cultúr níos láidre san ionad oibre. |

## Cumasóir 4: Cumasú & Muinín

Cultúr cumhachtaithe agus muiníne a chothú, fréamhaithe san ionracas agus i gcosaint Chearta an Duine.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E4.1 An t-iompar gairmiúil agus an t-iompar eiticiúil sa Gharda Síochána a chur chun cinn agus a neartú | Seachadadh seirbhíse éifeachtach le róil, freagrachtaí agus tacaíochtaí atá sainmhínithe go soiléir. |
| E4.2 Samhail Oibriúcháin Eagraíochtúil an Gharda Síochána a rolladh amach | Rolladh amach rathúil an tSamhail Oibriúcháin do Rannán Chill Dara, ag feabhsú éifeachtacht agus éifeachtúlacht in úsáid acmhainní. |

## Cumasóir 5: An Póilíniú Faisnéis-Láraithe

Seirbhís a chothú atá faisnéis-treoraithe, ag úsáid sonraí agus teicneolaíochta chun éifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht a chur chun cinn.

| Spriocanna Náisiúnta | Torthaí na Roinne |
|---|---|
| E5.1 Ár bhFís i leith Sonraí agus Teicneolaíocht a chur chun cinn trí chur i bhfeidhm an Treochláir TFC, 2024 | Cumas méadaithe chun coiriúlacht a bhrath agus a ghabháil ar an ngréasán bóithre trí úsáid a bhaint as crua-earraí TFC um Shoghluaisteacht, idir crua-earraí pearsanta agus laistigh den fheithicil araon. Cinnteoireacht agus bainistíocht riosca feabhsaithe lena bhfeabhsófar an rialachas acmhainní, imscrúduithe agus lena dtacófar na bainisteoirí agus pearsanra uile sa rannán |
| E5.2 Cáilíocht fheabhsaithe sonraí a ghiaráil chun úsáid na sócmhainní sonraí sa phóiliniú oibriúcháin a leathnú de réir a chéile | Feabhsóimid cáilíocht na sonraí a thaifeadtar ar PULSE agus ar chórais TFC eile. Spreagfar ár bpearsanra go léir chun sonraí a thaifeadadh i gceart agus go cruinn ag baint úsáide as teicneolaíochtaí iomchuí. |

## Icon Bank

| Brí | Icon |
|---|---|
|  | Cruinniú fíorúil |
|  | Cruinniú duine-le-duine |
|  | Ar an bhfón |
|  | Trí Ríomhphost |
|  | Sa phost |
|  | Ar an raidió |
|  | Ar Theilifís |
|  | Ar na meáin shóisialta |
|  | Feachtais sna Meáin Chumarsáide |
|  | Oiliúint |
|  | Trí chórais chorparáideacha |
|  | Leis na Gardaí, duine-le-duine |
|  | Gardaí i nGnáthéadaí |
|  | TCI |
|  | Ar chos |
|  | Ar rothar |
|  | Le Carranna |
|  | Ar Ghluaisrothar |
|  | Ar bhusanna |
|  | Ar thraenacha |



AN GARDA SÍOCHÁNA